# Cill Dara
# Kildare

**Straitéis Chultúir agus Chruthaitheachta 2018–2022**

Culture and Creativity Strategy 2018–2022



'Éin Creiche'. Saothar ealaíne cruthaithe ag ealaíontóir Maria McKinney agus daltaí ó Scoil Náisiúnta Naomh Mhuire, Maigh Nuad. Coimeádta ag Jenny Guy don Scoil Ealaíne; thug Comhairle Contae Chill Dara agus An Roinn Froebel, Ollscoil Mhá Nuad tacaíocht don chónaitheacht seo

*'Birds of Prey'. Artwork created by artist Maria McKinney and St. Mary's N.S., Maynooth students. Curated by Jennie Guy for Art School, this residency was supported by Kildare County Council and Froebel Dept., Maynooth University*

# Ábhar
# Contents


1 Réamhrá
*Foreword*

2 Cultúr agus Cruthaitheacht i gCill Dara: Trí Bharúil
*Culture and Creativity in Kildare: Three Perspectives*

3 Fís Éire Ildánach do Chill Dara
*The Creative Ireland Vision for Kildare*

4 Luachanna Éire Ildánach do Chill Dara
*The Creative Ireland Values in Kildare*

5 Tosaíochtaí Straitéiseacha do Chill Dara
*Strategic Priorities for Kildare*

6 Feidhmú
*Implementation*

# 1 Réamhrá
## Foreword

IS IOMAÍ RUD a léiríonn uathúlacht nó saoithiúlacht Chill Dara – Machairí an Churraigh, Cnoc Alúine, Stair Chumann na gCarad i mBéal Átha an Tuair, stair mhíleata agus eachaíochta an Chontae, na portaigh, na canálacha agus tírdhreach 'Chontae an Ghearrfhéir'. Ta traidisiúin láidre chultúrtha ann sa chontae, ar traidisiúin iad a bhaineann le cúrsaí litríochta, le cumainn amaitéaracha drámaíochta agus ceoil, le stair áitiúil, leis an nGaeilge, le ceol córúil, ceolfhoirneach agus traidisiúnta, agus is minic a tháinig na traidisiúin sin faoi anáil na hoidhreachta agus an tírdhreacha nádúrtha agus seandálaíochta, agus bíonn clár féilte ann ó cheann ceann na bliana. Tá líon mór ealaíontóirí oilte proifisiúnta, comharghrúpaí ealaíon agus daoine cruthaitheacha ina gcónaí agus ag obair sa chontae. Is príomh-imeachtaí iad tionscnaimh amhail Seachtain na hOidhreachta, Oíche an Chultúir, Seachtain na Bithéagsúlachta, Féile Léitheoirí Chill Dara, Clár Bliaintiúil Sheirbhís na Leabharlainne agus an Lá Súgartha, agus léiríonn na himeachtaí sin na gnéithe maithe ar fad a ghabhann leis an gcultúr agus leis an gcruthaitheacht i gCill Dara.

Glacann an straitéis seo a treoir ó chlár náisiúnta Éire Ildánach 2017 – 2022 agus, le linn í a ullmhú, baineadh leas as roinnt doiciméid straitéise agus beartais ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an chontae.

Tugann ár gcur chuige iomlánaíoch tacaíocht bhreise i leith ról an chultúir agus na cruthaitheachta a leathnú i dtaca le pobail chomhtháite inbhuanaithe a chruthú go háitiúil. Cuireann sé ar ár gcumas cur leis an méid ata déanta againn cheana féin, agus ionaid bheoga á mbunú againn do dhaoine chun maireachtáil, oibriú, súgradh agus infheistiú iontu. I dtaca leis sin de, is cúis bróid ag Comhairle Contae Chill Dara a saothair go dtí seo i réimse na 'folláine' chun feabhas a chur ar chaighdeán na beatha do na saoránaigh go léir. Cuirtear sin san áireamh sa chlár oibre thar rannóga uilig na Comhairle, ach go háirithe sna seirbhísí oidhreachta, leabharlainne, ealaíon, áineasa, páirceanna, pobail agus fóillíochta. Tá comhoibriú idirghníomhaireachta thar a bheith tábhachtach chun tacú le hobair sa réimse seo.

Mar thoradh ar an méadú ar an líon páistí agus daoine óga sa phobal, tá freagracht ar Chomhairle Contae Chill Dara chun seirbhísí agus áiseanna cultúrtha a chur ar fáil. Aithnimid freisin an líon suntasach daoine atá ag dul in aois, agus na dúshláin agus na deiseanna a éiríonn as sin maidir le 'caighdeán na beatha'.

Mar chuid den Straitéis seo, táimid ag tnúth go mór lena bheith plé lenár n-oidhreacht chultúrtha agus lenár dtodhchaí chomh maith.

**An Comh. Seán Power**
Méara Chill Dara

**Peter Carey**
Príomhfheidhmeannach

THERE ARE SO many examples of what is unique, or peculiar to Kildare – the Curragh Plains, the Hill of Allen, the Quaker history in Ballitore, the military and equine history of the county, the bogs, canals and the landscape of the 'Short Grass County.' The county has strong cultural traditions in literature, amateur drama and musical societies, local history, Irish language, choral, orchestral and traditional music, often inspired by the natural and archaeological heritage and landscape, as well as a year-round festival programme. A large cohort of skilled professional artists, arts collectives and creatives live and work in the county. Initiatives like Heritage Week, Culture Night, Biodiversity Week, Kildare Readers Festival, Library Service Annual Programme and Play Day are key events that showcase all that is good in culture and creativity in Kildare.

This strategy takes its lead from the national Creative Ireland Programme 2017 – 2022 and is further informed by a number of national and county strategy and policy documents.

Our holistic approach further supports the raising of the role of culture and creativity in building cohesive and sustainable communities locally. It allows us to expand on what we have already achieved, building vibrant places for people to live, work, play and invest. Within this, Kildare County Council prides itself on its work to date in the area of 'wellbeing', to promote quality of life for all citizens. This feeds into the work programme across all sections of Council, but particularly the heritage, library, arts, recreation, parks, community and leisure services. The role of inter-agency collaboration to support work in this area is key.

Our increasing population of children and young people generates a responsibility for Kildare County Council in providing cultural services and facilities. We also recognise our significant ageing population and the challenges and opportunities that this creates around 'quality of life.'

Within this Strategy, we look forward to embracing our cultural heritage, as well as our future.

**Cllr. Seán Power**
Mayor of Kildare

**Peter Carey**
Chief Executive

# 2 Cultúr agus Cruthaitheacht i gCill Dara: Trí Bharúil

## Culture and Creativity in Kildare: Three Perspectives



THUG MEITHEAL CULTÚIR Chill Dara cuireadh do thriúr saoránach a nguthanna a chur leis an Straiteis seo agus an tuiscint atá acu ar 'Cultúr' agus 'Cruthaitheacht' a phlé. Tugann Emma Tobin dearcadh ón aos óg, scrúdaíonn Liam Kenny féiniúlacht agus déanann Monica De Bath iniúchadh ar an inspioráid atá le fáil ó oidhreacht agus ó thírdhreach ilchineálach Chill Dara.

**Emma Tobin – Reibiliún Cruthaitheach**

Cheap mise i gcónaí gurb ionann an chruthaitheacht agus arm ar féidir liom é a úsáid i gcoinne an tsaoil, lann chun dul go croílar rudaí, chun ciúnas a chur ar buan-chrónán ón domhan fíor-ghlórach. Tá cruthú cosúil le reibiliún, mar deirtear i gcónaí le ghnáth-dhaoine go bhfuil siad gan chumhacht, dofheicthe faoi scáth fada corparáidí agus an rialtais. Diúltaíonn ealaín manaí a athrá agus diúltaíonn sí próifílí ar-líne a líonadh isteach ionas gur féidir sin a bhá leis na fógraí cuí chun cosc a chur orainn a fhiafraí an cheart go mbeadh níos mó ag baint leis an saol ná a bheith ag iarraidh rudaí, ag fáil rudaí agus ag iarraidh tuilleadh rudaí.

Fágann an cultúr agus an chruthaiteacht go mbímid níos dothuigthe agus, ar bhealach uathúil, fágann siad lorg orainn a léiríonn cé sinn, mórán mar an gcéanna leis an tslí nach féidir le beirt an stobhach ceannann céanna a dhéanamh. Nuair a scríobhaim dán nó nuair a insím scéal, cuirim m'indibhidiúlacht in iúl i slí nach féidir le haon chlaonadh polaitiúil nó ball éadaigh aithris a dhéanamh air. Ceapaim go bhfuil ealaín tábhachtach mar go gcuireann sí ar ár gcumas éalú on bhfíor-meáchan agus ón mbuan-bhreithiúnas a bhaineann go dlúth le bheith i measc na mbilliún guthanna a bhíonn aitheantas á lorg acu go comhuaineach. Réabann an ealaín sinn amach ón réaltacht ait sin inarb ionann ár bhféiniúlacht agus seónna teilifíse, ar dá réir a dhéanaimid siopadóireacht, a chaithimid éadaí airithe agus a chloímid le meascán clár oibre polaitiúil.

THE KILDARE CULTURE team invited three citizens to add their voice to this Strategy and to explore what 'Culture' and 'Creativity' means to them. Emma Tobin offers a youth perspective, whilst Liam Kenny examines identity and Monica De Bath explores the inspiration that can be drawn from Kildare's diverse heritage and landscape.

**Emma Tobin – Creative Rebellion**

I've always found that creativity is a weapon I can hold out against the world, a blade to cut to the quick of things, to quiet the constant murmuring of a very loud world. The act of creation feels somewhat like rebellion, as increasingly the prevailing rhetoric tries to persuade ordinary people that they are powerless, obscured in the long shadow of corporation and government. Art is a refusal to repeat slogans or fill out online profiles so that we can be bombarded with the correct advertisements to stop us from wondering if there should be more to life than wanting things and getting things and wanting more things.

Culture and creativity make us more elusive, they make us who we are in a way that is unique, just as two people cannot make quite the same stew. When I write a poem, or tell a story, I assert my individuality in a sense that no political leaning or item of clothing can mimic. I think that art is important because it allows us to get out from underneath the colossal weight and constant judgement inherent in existing in a sea of billions of voices crying out at once for recognition. Art rips us from the strange reality where our identities consist of television shows and where we shop and what we wear and whether we support this or that political agenda.

Is eol dom cad is maith liom. Caife ón ionad seo, an cineál seo gránaigh bricfeasta agus an físcluiche sin agus na seónna sin, ach is tríd an ealaín amháin atá a fhios agam cén sort duine mé. Is féidir liom iarracht a dhéanamh buairt a chloí le barraí seacláide, ach is dán amháin atá in ann an dobrón a oscailt agus rud éigin a dhéanamh as.

Ba ghnách le cuid mhór de mo chairde chairde scéalta a scríobh; mar pháistí, ba ghnách linn iad a phéinteáil san aer lenár nguthanna agus ba ghnách linn ard-dumhcha agus neacha ag a raibh 1200 fiacal a dhabáil ar bhallaí gruama na gclós súgartha, ach d'éirigh siad as duine i ndiaidh duine. Murab ionann agus mise, is dócha nár dúradh le cuid mhór acu go raibh talann acu, fiú amháin nuair a bhí a litreacha doléite, nuair nár roghnaigh siad na focail chearta, agus nuair a bhí poill móra ann i bplotaí a scéalta. Is deacair cion a bheith agat ar rud atá chomh deacair sin, agus leanúint leis, gan moladh a fháil, agus cúnamh a fháil chun an peann a chur ar ais i do láimh tar eis duit é a chaitheamh uait trasna an tseomra.

Is deacair leanúint de rudaí a rá fút féin atá fíor agus leochaileach nuair nach bhfuil spás ann ina féidir tú a chlos, inar féidir aitheantas a thabhairt duit, agus inar féidir meas a léiriú duit – agus inar féidir a rá leat go bhfuil tú thar barr agus tú fós uafásach. Ní hionann an ealaín agus rud dá dtugtar aitheantas dó anois is aris, agus an méid sin amháin. Tá sí ionainn, mar chuid dhílis dínn, caithfidh sí a bheith ionainn amhlaidh, ach ní féidir léi maireachtail gan í a chaomhnú agus a chothú. Cuireann na healaiona ar ár gcumas gan ligean d'éinne nó d'aon rud eile labhairt ar ár son, ár nguth féin a aimsiú agus muid féin a chur i gcroílár na rudaí a chruthaimid.

I know what I like. Coffee from this place, this brand of cereal and that video game and these shows, but it is only through art that I know what I am like. I can try to smother grief in chocolate bars but only a poem can crack sadness open and make something out of it.

A lot of my friends used to write stories, as kids we'd paint them in the air with our voices and daub the bleak walls of playgrounds with towering dunes and things with 1200 teeth, but one by one they stopped. Unlike me I suppose many of them were not told they had talent even when their letters were illegible, their words poorly chosen, their stories limping with gaping plot-hole wounds. It's hard to love something that is so difficult, and to keep doing it, without a pat on the shoulder, a hand to put the pen back in yours every time you toss it across the room.

It is hard to keep saying something about yourself that is so true and so vulnerable when there is no space where you can be heard and recognised and valued. And told you're brilliant even when you're still terrible. Art is not just something that exists, to be bowed to now and again. It does and must live in our blood, and it can only live if we cherish it and nurture it. The arts allow us to let nothing and no one else speak for us, to find our own voice and find ourselves at the heart of the things we create

**Liam Kenny – Féiniúlacht Uilechuimsitheach a Chothú**

Is deacair éalú ón gcruthaitheacht i gContae Chill Dara – pé acu an dealbh íocónanch *Perpetual Motion* ('An Liathróid' mar a tugtar uirthi) ar an mbealach isteach ar an mótarbhealach chuig oirthuaisceart an chontae, nó na haghaidheanna snoite aisteacha ar Ardchros Mhaoine sa deisceart, tá cruthaitheacht le feiceáil go soiléir ar thírdhreach an chontae. Tá cuid mhór sraitheanna sa chultúr, áfach, agus bheadh gá le níos mó ná turas thar cheantar na hearnála folaíochta chun tuiscint a fháil ar cad atá ag dul ar aghaidh sa chontae ina bhfuil méadú ag teacht ar an daonra agus ina bhfuil an daonra ag éirí níos ilchultúrtha ná riamh. Le blianta fada, bhí ionad tánaisteach ag Cill Dara in íocónagrafaíocht chúltúir Stáit nua na hÉireann. Ní raibh mórán spáis ann do mhachairí Chill Dara ná dá bailte garastúin sna híomhánna a ghabh le tógáil an náisiúin, ar íomhánna iad a chuir teanga agus tírdhreacha iarthar na tíre chun cinn mar nithe a thug léiriú ar fhíorfhoinse chultúr na hÉireann. Rinneadh neamhshuim den chontae mar gur chuid den "Pháil" a bhí ann – gan féiniúlacht chultúir ar leith a bheith aige agus gan a beith ina chuid ar leithligh de stór cultúir na tíre. Thosaigh feabhas ag teacht ar an staid dhearóil sin, áfach, timpeall an dara leath den 20ú haois.

Is tríd an gceol a thosaigh daoine ag tabhairt faoi deara an méid a bhí ag dul ar aghaidh ar imeall Mhóin Alúine, rud a mbeadh tionchar aige ar fud na tíre. Mar léiriú ar fhorbairt seánra ceoil tíre na hÉireann bhí guth tíriúil an bhailéadaí Christy Moore ann; bhí seisean ina bhall den ghrúpa ceannródaíochta *Planxty* ar ainmníodh a gcéad albam, is é sin, "Prosperous", as an sráidbhaile i lár Chill Dara a tháinig chun bheith ina lárionad don ghluaiseacht 'ceol tíre ag bualadh le ceol nua-aimseartha'. Ba é Moore é féin, agus daoine eile nach é, trína bhlas sainiúil ó lár Chill Dara agus trína dheisbhéalaí, a thug le fios don domhan mór go raibh a leithéid de rud agus guth agus pearsanacht Chill Dara ann nach raibh mar an gcéanna le contaetha eile.

Tá an t-adh ar Chill Dara freisin go bhfuil campas tríú leibhéal ann sa chontae, agus leanann Ollscoil Mhá Nuad de bheith ina foinse cruthaitheachta thar raon leathan seánraí, ina n-áirítear scannáin agus litríocht na nua-Ghaeilge. Seans gur cheart aitheantas faoi leith a thabhairt dá Rannóg Ceoil, atá ina ionad barr feabhais maidir le ceol liotúirgeach in Éirinn, i measc rudaí eile.

Ar leibhéal an pharóiste, freisin, bíonn líon mór daoine sa chontae ag plé leis na healaíona go minic trí cheol na heaglaise. Agus is ionann an stór cineálacha ealaíne atá follasach agus léir ar an tslí ina ndéanann na daoine nua atá tagtha go contae Chill Dara, cibé acu ó ionaid eile in Éirinn nó ó ionaid thar lear, saibhreas nua don chontae, ar mhodh tallanna agus tionchair nua. Agus mé ag smaoineamh ar chultúr i gCill Dara, agus ar an ilchineálacht spreagúil atá ann, d'fhreastail mé ar cheolchoirm in eaglais pharóiste, tráth ar tháinig cór ó bhaile sa Liotuáin agus cóir eaglaise ó thrí shráidbhaile i gCill Dara le chéile chun ceolchoirm den scoth a chur ar fáil. Seans nach bhfuil sa scéilín seo ach comhartha amháin ar na bealaí éagsúla ina mbíonn caidreamh ag muintir Chill Dara leis an gcruthaitheacht ina saol féin, agus ar an tslí ina gcabhraíonn an modh inniúil muiníneach ina gcuirtear cultúr ar fáil sa chontae leo chun féiniúlacht daingean a chruthú taobh istigh de sochaí na hÉireann i gcoitinne.

**Liam Kenny – Nurturing an Inclusive Identity**

It is hard to escape creativity in County Kildare – be it the iconic Perpetual Motion sculpture (colloquially 'The Ball') on the motorway entry to the north east of the county, or the enigmatic carved faces from the Moone High Cross in the south, creativity is writ large on the county's landscape. However, culture has many layers and it takes more than a drive across the bloodstock belt to get a sense of what is going on in the county with its growing and cosmopolitan population. For many years Kildare shared a secondary position in the cultural iconography of the new Irish State. There was little room for the plains of Kildare and its garrison towns in the nation-building imagery which projected the language and landscapes of the western seaboard as representing the mother-lode of Irish culture. The county was dismissed as being part of "the Pale" – neither having its own distinctive cultural identity nor being a full member of the national cultural repository. However at some time in the second half of the twentieth century that rather bleak picture began to brighten.

It was through music that people began to wake up to something stirring on the margins of the Bog of Allen which would make ripples nationally. The evolution of an Irish folk music genre was epitomised by the earthy tones of balladeer Christy Moore who in turn was part of the mould-breaking *Planxty* set-up whose seminal first album "Prosperous" was named after the village in central Kildare which became a crucible of the folk-meets-modern-music movement. It was Moore himself with his signature mid-Kildare accent and repartee who as much as anyone made a national audience appreciate that there was such a thing as a Kildare voice and a personality distinctive from that of the other counties.

Kildare is also fortunate in having a third level campus within its boundary and Maynooth University continues to be a source of creativity across many genres including film and modern Irish literature. Perhaps one campus endeavour that deserves highlighting is its Music Department which, among other strings to its bow, has become a centre of excellence in liturgical music circles in Ireland.

On a parish level too, church music is an area where many in the county engage with the arts on a frequent basis. And it provides an example, apparent throughout the artistic repertoire, of how the influx of new people to Kildare, be they from other parts of Ireland or from overseas terrains continue to enrich the county with new talents and influences. While thinking about culture in Kildare and the exciting diversity, this writer attended a concert in a parish church where a choir from a town in Lithuania joined with church choirs from three Kildare villages to present a concert of sublime musical quality. Perhaps this vignette is just one pointer to the many ways in which Kildare people experience creativity in their lives and of how the competent and confident presentation of culture in the county has helped them forge a firm identity within the wider fabric of Irish society.



Sadhbh Ní Shúilleabháin, rannphairtí i Seimineár Rince agus Slainte, Coláiste Phádraig, Maigh Nuad. Grianghraf le caoinchead ó Cathy Coughlan, Havoc Dance

*Sadhbh Ní Shúilleabháin, participant in Kildare Dance & Health Seminar, St. Patrick's College, Maynooth Photo courtesy of Cathy Coughlan, Havoc Dance*

### Monica De Bath – *Dlúth agus Inneach* (Warp and Weft)

*'Is é ata i gCultúr ná… conas a mairimid, cad a dhéanaimid, conas a mhúnlaímid ár dtimpeallacht chun dealáil leis an gcoimhlínt a bhaineann le maireachtáil agus le clann a thógáil… ní léacht fo-uirbeach é an cultúr; is dlúth agus inneach ár mbeatha é …'* [1]

**An tslí ina múnlaímid an áit ina gcónaímid agus ina n-oibrímid, agus an tslí ina múnlaíonn an áit sin muid.**

Ós rud é go bhfuil cónaí orm i Ráth Iomgháin, ar imeall Mhóin Alúine, atá ag imeacht uainn diaidh ar ndiaidh, tá m-aird tarraingthe ar leochaileacht iarsmaí na bportach ardaithe sa cheantar tuaithe in iarthar Chill Dara. Nuair a bhítear ag taisteal tríd na portaigh seo, is furasta neamhaird a thabhairt ar chastacht agus áilleacht *sfagnaim* (tógálaí na bportach): *Subnitens, Cuspidatum, Capillifolium, Palustre*. Cé go bhfuil an lagphortach ollmhór seo, ina bhfuil cairn mhóra de móin agus de bithbhreoslaí, ina ábhar conspóide i dtaca le hacmhainní agus tírdhreach de, is féidir é a athshamhlú agus a athchruthú ach súil ghéar a choinneáil ar a thodhchaí. Tá spás fileata le haghaidh ealaín idirdhisiplíneach agus smaointeoireacht éiceolaíoch tar éis teacht chun cinn mar thoradh ar chomhráite le hoibrithe, le heiceolaithe agus le daoine eile, tráth ina bhfuil ábhar mór imní faoi athrú aeráide agus faoi chailleadh slithe beatha agus éiceachórás. Déantar tagairt i líníochtaí agus i ngearrscannáin do na comhráite sin, agus tarraingítear aird ar úsáid chríonna a bhaint as portaigh dhíghrádaithe agus ar shlite beatha nua, chomh maith le hathshamhlú a dhéanamh i leith na nithe sin – is saincheisteanna suntasacha iad sin go háitiúil agus go hidirnáisiúnta.

### Monica De Bath – *Warp and Weft*

*'Culture… is how we live, what we do, how we mould our environment to cope with the struggle of living and rearing a family…culture is not a suburban lecture: it is the dlúth agus inneach (warp and weft) of our existence….'* [1]

**The way we shape and are shaped by the place we live and work in.**

Living in Rathangan, on the edge of the gradually disappearing Bog of Allen, my attention has been drawn to the fragility of raised bog remnants in rural west Kildare. The complexity and beauty of *Sphagnum* (the bog builder): *Subnitens, Cuspidatum, Capillifolium, Palustre* may be overlooked while travelling through these bogs. While this vast 'cutaway', with long piles of extracted peat and exotic bio fuels, may be a contested resource and landscape, it can be re-imagined and reshaped with an attentive eye to its future. A poetic space for interdisciplinary art and ecological thinking has emerged from conversations with workers, ecologists and others, at a time of critical concern about climate change, the loss of livelihoods and of eco systems. Drawings, and short films reference these conversations drawing attention to and re-imagining wise use of degraded bog lands and new livelihoods – significant issues locally and internationally.

Cé gurb amhlaidh go múnlaímid na háiteanna ina gcónaímid agus ina n-oibrímid, agus go múnlaíonn na háiteanna sin muid, ta an baol ann go gcaillfimid na scéalta agus an stair atá ag daoine a oibríonn / a bhíodh ag obair ar na portaigh, is é sin le rá, na scéalta agus an stair a thugann saibhreas do na pobail thart ar na portaigh sin. Is cuid de *dhlúth agus d'inneach* ár bhféiniúlachta cultúrtha iad na scéalta agus an stair sin. Dála cuid mhór sráidbhailte faoin tuath, tá laghdú tagtha ar chroílár Ráth Iomgháin, agus tá méadú tagtha ar an gcomaitéireacht, rud ar féidir leis daoine a chur sa riocht go mbíonn siad scoilte amach óna n-áit chónaithe agus óna bpobal. Á aithint gur gá féiniúlacht chultúir a mhúnlú agus a chaibidil, chuir Ráth Iomgháin Cruthaitheach / *Meitheal Samhlaíochta*[2] spás ar fáil chun smaoineamh a dhéanamh i dtaobh conas atá eolas ag na daoine a chonaíonn ANSEO ar an áit, ar a mhuintir agus ar a scéalta. Tháinig spásanna poiblí TAOBH ISTIGH agus TAOBH AMUIGH chun bheith ina n-áiteanna cruthaitheacha, spraíúla agus fiosracha do theaghlaigh, do pháistí óga, do mhúinteoirí, do ghníomhaithe, d'oibrithe cultúir agus óige, d'ealaíontóirí agus do ghníomhaithe timpeallachta.

While we shape and are shaped by the places in which we live and work, there is a danger that we may lose the stories and histories of those who work / worked the bogs, enriching so many of the communities in and around them. Their stories are part of the *dlúth agus inneach* (warp and weft) of our cultural identity. As with many rural villages, Rathangan, has experienced a hollowing out of its core and a growth in commuter living, which can leave people disconnected from place and community. Recognising that cultural identity is created and negotiated, Creative Rathangan / *Meitheal Samhlaíochta*[2] provided a space for thinking about how those of us who inhabit HERE know this place, its people and its stories. Public spaces OUTSIDE and INSIDE became creative, playful and questioning places for families, young children, teachers, activists, cultural and youth workers, artists, and environmentalists.





Nuair a chuimhnítear ar an tslí ina ndéanann leanaí LÍNÍOCHTAÍ agus chun a fháil amach 'cé eile a chónaíonn anseo' agus chun iad a FHEICEÁIL, seachas dul ar thóir feithidí agus éisc, cuimhnímid ar smaointeoireacht chriticiúil John Berger a dúirt gur rogha ghníomhach í FÉACHAINT. Dar leis, tá an LÍNÍOCHT i bhfad níos sine ná aon teanga scríofa nó ailtireacht. 'Tá sé chomh sean leis an amhránaíocht', agus 'sular tháinig an líníocht chun bheith ina modh chun ceist a chur faoi rudaí atá le feiceáil, bhí sí ina modh chun dul i dteagmháil le rudaí a bhí as radharc, agus iad a chur ar taispeáint'.[3]

San am atá thart, bhíodh Ráth Iomgháin ina 'Bhaile Teorann', is é sin, lonnaíocht mheánaoiseach ar an imeall, agus é mar chúram aige an Pháil a chosaint. Ar bhealach, is 'Baile Teorann' arís é, agus is é an cúram atá ag ealaíontóirí, ag grúpaí staire áitiúla, ag grúpaí comshaoil, ag grúpaí óige agus ag dreamanna eile ná féiniúlacht nua agus muintearais a chothú ó na scéalta a chruthaímid agus, ag an am céanna, 'aghaidh a thabhairt ar nithe atá ar iarraidh', agus daoine nuathagtha a chur san áireamh.

Noticing how children DRAW to discover and SEE 'who else lives here', before hunting for bugs and fish brings to mind the critical thinking of John Berger that to LOOK is an act of choice. He contends that DRAWING is far older than any written language or architecture. 'It is as old as song' and that 'before drawing evolved into a questioning of something visibly there, it was a way of addressing the absent, of making the absent appear'.[3]

Part of Rathangan's past was that of a 'Frontier Town', a medieval settlement on the edge, tasked with defending the Pale. In a sense it is once again a 'Frontier Town', and the task facing artists, local history groups, environmental groups, youth groups and others, is to weave a new sense of identity, of belonging, from the stories we create, while 'addressing the absent' and including the newcomer.

[1] Siggins, L. 2011, Once Upon a Time in the West, Dublin: Transworld Ireland. Aighneacht ó Mhícheál Ó Seighin chuig éisteacht ó bhéal maidir le tionchair chultúrtha Thionscadal Gáis na Coiribe.
[2] Creative Rathangan / *Meitheal Samhlaíochta*: Arna maoiniú faoi Chlár Éire Ildánach Chomhairle Contae Chill Dara 2017, a bhí dírithe ar idirphlé a chumasú agus nascanna a bhunú idir daoine aonair agus grúpaí a bhí gníomhach sa phobal. Rinneadh sin trí chlár oibre idirdhisiplíneach, lena n-áirítear ceardlanna agus seimineáir ealaín-bhunaithe a bhain le stair áitiúil, le litríocht, le hoidhreacht agus leis an gcomhshaol.
[3] Berger, J., 2005, Berger On Drawing. Occasional Press.

[1] Siggins, L. 2011, Once Upon a Time in the West, Dublin: Transworld Ireland. Micheál Ó Seighin's submission to oral hearings on the cultural impacts of the Corrib Gas Project.
[2] Creative Rathangan / *Meitheal Samhlaíochta*, which was funded under Kildare County Council's Creative Ireland Programme 2017, set out to enable dialogue and build links between individuals and groups active within our community. This was done through an interdisciplinary programme of work involving arts based workshops and seminars that engaged with local history, literature, heritage, and the environment.
[3] Berger, J., 2005, Berger On Drawing. Occasional Press.

# 3 Fís Éire Ildánach do Chill Dara
## The Creative Ireland Vision for Kildare

TÁ SÉ MAR FHÍS ag Clár Náisiúnta Éire Ildánach 'go mbeidh an deis ag gach duine a chónaíonn in Éirinn a gcumas iomlán cruthaitheach a bhaint amach. Cuirtear an fís i bhfeidhm trí Chúig Cholún Chlár Náisiúnta Éire Ildánach:

**Colún 1**
Scód a ligean le Cumas na Cruthaitheachta i ngach Leanbh

**Colún 2**
Bonn a chur faoin gCruthaitheacht i ngach Pobal

**Colún 3**
Infheistíocht in Infreastruchtúr na Cruthaitheachta agus an Chultúir

**Colún 4**
Tionscail Chruthaitheachta: Éire mar Lárionad Barr Feabhais maidir le Léiriúchán na Meán Cumarsáide

**Colún 5**
Clú na hÉireann ar fud an Domhain a thabhairt le chéile

*Tá rannpháirtíocht agus rochtain lárnach don fhís. Glactar leis freisin go bhfuil sé riachtanach ealaíontóirí agus cruthaitheoirí eile a nascadh le pobail chun an fhís a bhaint amach.*

Tá sé de chúram ag údaráis áitiúla ar fud na hÉireann Colún 2, '*Bonn a chur faoin gCruthaitheacht i ngach Pobal*', a chur i bhfeidhm. Agus an méid sin á chur san áireamh, agus aitheantas á thabhairt do na ceithre cholún eile, seo a leanas an fís do Chill Dara:

> **'líonra lárnach comhpháirtithe a mhéadu agus a chothú, ar líonra é trína ndéantar comhoibriú chun torthaí comhroinnte a bhaint amach don chultúr agus don chruthaitheacht i gContae Chill Dara'.**

THE VISION OF the National Creative Ireland Programme 'is that every person living in Ireland will have the opportunity to fully realise his or her creative potential. The vision is pursued through the Five-Pillars of the Creative Ireland Programme:

**Pillar 1**
Enabling the Creative Potential of Every Child

**Pillar 2**
Enabling Creativity in Every Community

**Pillar 3**
Investing in our Creative and Cultural Infrastructure

**Pillar 4**
The Creative Industries: Ireland as a Centre of Excellence in Media Production

**Pillar 5**
Unifying our Global Reputation

*Participation and access are central to the vision. Connecting artists and other creators to communities is also regarded as essential to realising the vision.*

Local authorities across Ireland have been charged with the delivery of Pillar 2, '*Enabling Creativity in Every Community*'. Within this, but with cognisance for the four companion pillars, the vision for Kildare is:

> **'to augment and nurture a valued network of partners that collaborate to achieve shared outcomes for culture and creativity in County Kildare'.**



Ceardlann Scoile Foraoise do Chrinniú na nÓg, Coill Mhullach Raoileann

*Forest School workshop for Cruinniú na nÓg, Mullaghcreelan*

# 4 Luachanna Éire Ildánach i gCill Dara
## The Creative Ireland Values in Kildare

LE LINN AN Straitéis Chultúir agus Chruthaitheachta i gCill Dara a ullmhú, baineadh úsáid as eolas a fuarthas ó shraith comhairliúchán poiblí agus seisiúin machnaimh in éineacht le baill de mheitheal Éire Ildánach Chill Dara, le heagraiochtaí comhpháirtíochta, le gníomhaireachtaí, le hEagraíochtaí Neamhrialtasacha agus le daoine aonair ón earnáil chruthaitheachta agus chultúir. Tháinig na luachanna chun cinn mar thoradh ar an bpróiséas comhairliúcháin sin.

Is iad seo a leanas na luachanna sin:

- Cumhachtú
- Comhoibriú
- Cumarsáid
- Pobal
- Rannpháirtíocht
- Uilechuimsitheacht

**Cumhachtú**

- Tacaiochtaí a sholáthar do dhaoine aonair agus do ghrúpaí chun acmhainneacht a fhorbairt trí líonrú, trí thraenáil, trí eolas a mhalartú agus trí chúnamh deontais.
- Aitheantas a thabhairt d'obair thábhachtach na hearnála deonaí agus earnáil na nEagraíochtaí Neamhrialtasacha maidir le cultúr agus cruthaitheacht i gContae Chill Dara a fheabhsú, agus tacaíocht a thabhairt ina leith.
- Uaillmhian, riosca, nuálaíocht, fiontraíocht agus sármhaitheas a spreagadh sna hearnálacha cultúir agus cruthaitheachta.
- Aitheantas a thabhairt do ról na hearnála cultúir agus cruthaitheachta maidir le hathrú sóisialta a chruthú, agus spreagadh a thabhairt ina leith sin.

THE CULTURE AND Creativity Strategy in Kildare was informed by a series of public consultations and think-tanks with members of Kildare's Creative Ireland team, partner organisations, agencies, Non Government Organisations (NGOs) and individuals from the creative and cultural sector. The values are derived from this consultative process.

The values are

- Empowerment
- Collaboration
- Communication
- Community
- Participation
- Inclusivity

**Empowerment**

- Provide supports for individuals and groups to build capacity through networking, training, information exchange and grant aid
- Recognise and support the significant contribution of the voluntary sector and NGO sector in enhancing culture and creativity in County Kildare
- Encourage ambition, risk, innovation, entrepreneurship and excellence in the creative and cultural sectors
- Recognise and encourage the role of the cultural and creativity sector in creating social change.



**Comhoibriú**

- Tá an straitéis seo bunaithe ar thiomantas ó Chomhairle Contae Chill Dara, mar príomh-chomhpháirtí, i leith próiseas comhoibríoch leanúnach a éascú chun an t-infreastruchtúr Cultúir agus Cruthaitheachta i gCill Dara a neartú agus a leathnú
- Déanfaidh Coiste Éire Ildánach Chill Dara caidrimh le healaíontóirí a ghabhann do chineálacha éagsúla ealaíne, le heagraíochtaí ealaíon, le dearthóirí, le ceardaithe, le staraithe, le cartlannaithe, le gníomhaithe pobail, le hoideoirí, le grúpaí staire, oidhreachta agus bithéagsúlachta, le forbróirí cluichí, le pobal na Gaeilge, le seandálaithe, le heiceolaithe, le haltirí, le hoibrithe deonacha, leis an earnáil turasóireachta, leis an earnáil spóirt agus gníomhaíochta coirp, le Bord Turasóireachta Chontae Chill Dara (IntoKildare), le Comhlachas Tráchtála Chontae Chill Dara, leis an Oifig Fiontair Áitiúil, le LEADER, leis an gCoiste Áitiúil Forbartha Pobail, le hEagraíochtaí Neamhrialtasacha, le foireann an údaráis áitiúil, leis na comhaltaí tofa agus le heagraíochtaí cuí a fhorbairt tuilleadh taobh istigh de ré na Straitéise.

**Collaboration**

- The Strategy is centred around a commitment from Kildare County Council, as lead partner, to facilitate an ongoing collaborative process to strengthen and augment the Culture and Creative infrastructure in Kildare
- The Kildare Creative Ireland committee will further develop relationships with artists across art forms, arts organisations, designers, craft workers, historians, archivists, community activists, educators, history, heritage and biodiversity groups, game developers, the Irish language community, archaeologists, ecologists, architects, volunteers, the tourism sector, the sports and physical activity sector, County Kildare Tourism Board (IntoKildare), County Kildare Chamber of Commerce, Local Enterprise Office, LEADER, Local Community Development Committee, NGOs, local authority staff, elected representatives and relevant agencies within the time frame of the Strategy.

**Cumarsáid**
- Feabhas a chur ar rochtain agus inneachar láithreáin gréasáin Chomhairle Contae Chill Dara, chun taisclann eolais a chruthú don earnáil Chultúir agus Chruthaitheachta i gContae Chill Dara
- Úsáid a bhaint as an Gaeilge sna meáin uilig
- Tuilleadh úsáide a bhaint as bealaí cumarsáide Bhord Turasóireachta Chontae Chill Dara trid an láithreán gréasáin Turasóireachta, trí ardáin mheán sóisialta, agus trí fhéilire imeachtaí agus trí ábhar clóite.
- Acmhainneacht na meán sóisialta a scrúdú tuilleadh i dtaca le tacaíocht a thabhairt maidir le 'an scéal a scaipeadh'.

**Pobal**
Breithniú a dhéanamh i dtaobh deiseanna chun caidreamh a bhunú le pobail agus deiseanna le haghaidh malartú agus comhoibriú:
- An earnáil chultúir agus chruthaitheachta (ag a bhfuil raon leathan ábhar spéise)
- Pobail ar díol spéise ar leith iad a bhféadfaí pobail 'nideog' a thabhairt orthu (e.g. staraithe áitiúla, déantóirí scannán, dearthóirí)
- An pobal i gcoitinne (daoine nach bhfuil baint acu cheana féin leis an earnáil chultúir agus chruthaitheachta).

**Communication**
- Improve the accessibility and content of Kildare County Council's website to create an information repository for the Culture and Creativity sector in County Kildare
- Embrace the use of Irish language across all media
- Further utilise County Kildare Tourism Board communication channels via the Tourism website, social media platforms and calendar of events and printed material.
- Further explore the potential of social media to support 'getting the message out there'.

**Community**
Consider opportunities to engage with communities and opportunities for exchange and collaboration:
- The cultural and creativity sector (having a broad range of interests)
- Communities of interest that may be considered as 'niche' (e.g. local historians, film makers, designers)
- General public (those who are not already engaged in the cultural and creativity sector).





**Rannpháirtíocht**
- Aitheantas a thabhairt don tionchar a imríonn rannpháirtíocht ar an tsochaí i gcoitinne, agus do na tairbhí a bhíonn ann de bharr rannpháiurtíochta, chomh maith leis an tairbhe pearsanta a bhaineann le rannpháirtíocht.
- Tacú le saoránaigh i leith páirt níos gníomhaí a ghlacadh i saol cultúir an chontae.
- Le linn cláir oibre a cheapadh, aitheantas a thabhairt do bhacainní ar rannpháirtíochta (cúrsaí airgeadais, tíreolaíochta, dearcaidh, teanga, cultúrtha agus socaíocha agus bacainní eile ar rochtain)
- Trí raon leathan clár cultúir agus cruthaitheachta, tacú le gach saoránach chun bheith níos gníomhaí go fisiciúil, ar mhaithe le sláinte agus folláine sa chontae

**Uilechuimsitheacht**
- Deiseanna a chruthú le haghaidh rannpháirtíocht bhreise ag saoránaigh, go háirithe acu siúd nach bhfuil páirteach faoi láthair
- Éagsúlacht chultúir a cheiliúradh agus tacú le deiseanna chun leas a bhaint as éagsúlacht chultúir, agus é sin bunaithe ar eolas faoin iliomad traidisiún agus cúlraí sóisialta a bhaineann le saoránaigh a bhfuil cónaí orthu i gContae Chill Dara
- Spreagadh a thabhairt i leith rannpháirtíocht na saoránach sa raon leathan clár, áiseanna agus taitneamhachtaí cruthaitheachta agus cultúir a bhfuil teacht orthu go héasca agus atá ar fáil do phobail i gContae Chill Dara.

**Participation**
- Take cognisance for the broader societal impact of participation and the benefits to the wider community, but also the personal benefits of participation.
- Support citizens to participate more actively in the cultural life of the county.
- When devising programmes of work, take cognisance of the barriers to participation (financial, geographical, attitudinal, language, cultural, societal and other access barriers)
- Through a wide range of cultural and creative programmes, support all citizens to be more physically active in order to enhance the health and wellbeing in the county.

**Inclusivity**
- Create opportunities for increased citizen participation, especially for those not currently engaged
- Celebrate and support opportunities to embrace cultural diversity, informed by the many traditions and social backgrounds of citizens living in County Kildare
- Encourage citizen engagement with the wide range of creative and cultural programmes, facilities and amenities that are easily accessible and available to communities in County Kildare.

# 5 Tosaíochtaí Straitéiseacha do Chill Dara
## Strategic Priorities for Kildare

1. Ár líonra áitiúil cultúir agus cruthaitheachta a fheabhsú, agus tacu leis
2. An Timpeallacht Nádúrtha agus an Timpeallacht Fhoirgnithe
3. Páistí agus Daoine Óga
4. Mórtas Áite agus Féiniúlacht
5. Feabhas ar Fholláine trí Rannpháirtíocht

**1. Ár líonra áitiúil cultúir agus cruthaitheachta a fheabhsú agus tacu leis**

- An tsraith áiseanna oiliúna agus meantóireachta atá ar fáil faoi láthair don earnáil chultúir agus chruthaitheachta i gContae Chill Dara a chur chun cinn, agus pleanáil a dhéanamh chun deiseanna eile a fhorbairt i gcomhair leathnú acmhainneachta
- An raon deontas agus sparánachtaí atá ar fáil don earnáil chultúir agus chruthaitheachta a chur chun cinn, agus úsáid iomlán a bhaint as deiseanna méadaithe trí choimisiúin, trí chónaítheachtaí agus trí ghradaim sparánachta Éire Ildánach
- Iniúchadh agus próiséas mapala a chur i gcrích maidir le hacmhainní cultúir agus cruthaitheachta i gContae Chill Dara. Breithniú a dhéanamh i dtaobh teicneolaíocht dhigiteach agus teicneolaíocht chliste a úsáid chun tacú leis an obair seo
- Leanúint de thacaíocht a thabhairt do dhaoine aonair agus do thionscail chruthaitheacha áitiúla chun líonraí gnó, scileanna agus inniúlacht a thacaíonn le infheistíocht eacnamaíoch áitiúil agus le turasóireacht chultúir a fhorbairt
- Scrúdú a dhéanamh ar acmhainneacht 'Seaimpíní Cultúir' áitiúla i dtaca le cabhair a thabhairt i ndáil le tábhacht na cruthaitheachta, an chultúir agus na folláine a chur chun cinn.

1. Enhance and support our local cultural and creative network
2. Natural and Built Environment
3. Children and Young People
4. Sense of Place and Identity.
5. Enhanced Wellbeing Through Participation

**1. Enhance and support our local cultural and creative network**

- Promote the suite of existing training and mentoring available to the cultural and creative sector in County Kildare and plan for the development of further capacity building opportunities
- Promote the range of grants and bursaries available to the cultural and creative sector and fully utilise increased opportunities through commissions, residencies and Creative Ireland bursary awards
- Carry out an audit and mapping process of cultural and creative resources in County Kildare. Consider the use of digital and smart technology to support this work
- Continue to support individuals and local creative industries to develop business networks, skills and acumen that support local economic investment and cultural tourism
- Explore the potential of local 'Cultural Champions' to assist in the promotion and advocacy of the importance of creativity, culture and wellbeing.



'JFK Comhcheilg Fir an Suaitheantais': Coimisiúin Scannáin le Comhairle Contae Chill Dara, Léim an Bhradáin. Grianghraf le Brian Cregan

*'JFK The Badgeman Conspiracy', Kildare County County Council Film Commission, Leixlip, Photo Credit: Brian Cregan*

**2. An Timpeallacht Nádúrtha agus an Timpeallacht Fhoirgnithe**

- Tacaíocht bhreise a thabhairt maidir le feasacht faoi shaibhreas thimpeallacht nádúrtha agus thimpeallacht fhoirgnithe Chill Dara, agus an saibhreas sin a chur chun cinn, trí fhoilseacháin, trí chomharthaíocht agus trí ábhair acmhainní eile
- A chur faoi deara go mbeidh rochtain níos éasca le fáil ag an bpobal ar láithreáin oidhreachta trí scaipeadh faisnéise, trí rochtain ar shaoráidí, agus trí úsáid teicneolaíochtaí nua agus béaloidis, d'fhonn eispéireas na gcuairteoirí ar na láithreán a fheabhsú
- Leanúint de thimpeallacht nádúrtha agus de thimpeallacht fhoirgnithe Chill Dara a bheochan
- Deiseanna a chruthú le haghaidh ionsparáid cruthaitheach i leith bhithéagsúlacht agus fhiadhúlra ilghnéitheach iomadúil Chill Dara
- Tacú le tionscnaimh a spreagann rannpháirtíocht ag an bpobal i sainaithint agus i mbainistiú na hoidhreachta nádúrtha trí thionscnaimh eolaíochta saoránaigh
- Leanúint d'infheistíocht a dhéanamh i bpáirceanna agus in áiteanna súgartha Chill Dara.

**2. Natural and Built Environment**

- Further support the awareness of and animate the richness of Kildare's natural and built environment through publications, signage and other resource material
- Make heritage sites more accessible to the public via information circulation, access to facilities, use of new technologies and folklore, to enhance the story of sites
- Continue to animate Kildare's natural and built environment
- Generate opportunities for creative inspiration in Kildare's varied and plentiful biodiversity and wildlife
- Support initiatives that encourage public participation in the identification and management of natural heritage through citizen science initiatives.
- Continue to invest in Kildare's parks and playgrounds.





**3. Páistí agus Daoine Óga**

- Leanúint de thimpeallachtaí a chruthú do pháistí agus do dhaoine óga chun scrúdú agus fiosrú a dhéanamh iontu, agus chun daoine óga a spreagadh agus chun inspioráid a thabhairt dóibh; agus bealaí a chur ar fáil a mhéadóidh suim in ábhair eolaíochta, teicneolaíochta, innnealltóireachta, ealaíne agus matamaitice (STEAM)
- Breithniú a dhéanamh faoin acmhainneacht atá ann i dtimpeallachtaí cultúir agus cruthaitheachta chun an rochtain ar theicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn agus ar chódú a mhéadú
- Leanúint de leas a bhaint as na sainmhínithe ar 'súgradh', ar 'cultúr', ar 'folláine' agus ar 'cruthaitheacht' le linn cláir do pháistí a cheapadh
- Leanúint de bheith ag obair le heagraíochtaí a thacaíonn le paistí agus le daoine óga, chun straitéisí a fhorbairt agus cláir oibre a chothú
- Leanúint de bheith ag obair le hIonad Oideachais Chill Dara chun tacú le Clár Óige Ildánach
- Clár a cheapadh le haghaidh 'Cruinniú', an Lá Cruthaitheachta Náisiúnta do Pháistí agus do Dhaoine Óga

**4. Mórtas Áite agus Féiniúlacht**

- Spreagadh a thabhairt i ndáil le fiosrú, cur chun cinn agus doiciméadú 'oidhreacht chultúir dholáimhsithe' Chill Dara, ina n-áirítear traidisiún béil, nósanna sóisialta, deasghnátha agus imeachtaí
- Tacú le pobal rathúil Gaeilge, trí eagraíochtaí Gaeilge áitiúla, Gaelscoileanna agus Coiste Gaeilge Chomhairle Contae Chill Dara a thabhairt le cheile agus oibriú leo

**3. Children and Young People**

- Continue to create environments for children and young people to explore, test, engage and inspire; and provide avenues which increase interest in science, technology, engineering, arts and mathematics (STEAM) subjects
- Consider the potential within cultural and creative environments, to facilitate access to emerging technologies and coding
- Continue to push the definitions of 'play', 'culture', 'well being' and 'creativity', when devising programmes for children
- Continue to work with organisations that advocate for children and young people to develop strategies and to support programmes of work
- Continue to work with Kildare Education Centre to support the Creative Youth Programme
- Devise a programme for Cruinniú, the National Creativity Day for Children and Young People.

**4. Sense of Place and Identity**

- Encourage the exploration, promotion and documentation of Kildare's 'intangible cultural heritage', that includes oral tradition, social practices, rituals and events
- Support a thriving Irish language speaking community by bringing together and working with local Irish organisations, Gael Scoileanna and Comhairle Contae Chill Dara Coiste Gaeilge







- Deiseanna a scrúdú tuilleadh maidir le ról a thabhairt don raon mór naisiúntachtaí agus eitneachtaí atá ann i measc na saoránach a chónaíonn i gCill Dara
- Deiseanna breise a chur ar fáil do phobail chun bheith páirteach i sainaithint, i gcaomhnú agus i mbainistíocht na hoidhreachta áitiúla
- Leanúint de thacaiocht a thabhairt i leith Clár Dheich mBliana na gCuimhneachán Chill Dara a chur i bhfeidhm.

**5. Feabhas ar Fholláine trí Rannpháirtíocht**

- Leanúint de thacaíocht a thabhairt do chur i bhfeidhm chlár 'Éire Shláintiúil'
- Leanúint de bheith ag obair le heagraíochtaí comhpháirtíochta a bhfuil freagracht orthu i ndáil le sláinte agus folláine, chun sármhaitheas ealaíonta agus méadu ar rannpháirtíocht a spreagadh
- Leanúint de bheith ag obair le rannóga éagsúla i gComhairle Contae Chill Dara agus le heagraíochtaí comhpháirtíochta, chun tacú le tionscnaimh a chuireann feabhas ar chaighdeán na beatha do shaoránaigh
- Breithniú a dhéanamh ar roghanna i leith teicneolaíocht chliste, agus Córas Faisnéise Geografaí san áireamh, chun cláir maidir le cúrsaí folláine a chur chun cinn.

- Further explore opportunities to embrace the wide range of nationalities and ethnicities of citizens living in County Kildare
- Provide communities with more opportunities to participate and engage in the identification, conservation and management of local heritage
- Continue to support the implementation of the County Kildare Decade of Commemorations programme.

**5. Enhanced Wellbeing Through Participation**

- Continue to support the roll out of the 'Healthy Ireland' programme
- Continue to work with partner organisations who have responsibility for health and wellbeing, to encourage artistic excellence and increased participation
- Continue to work across departments in Kildare County Council and with partner organisations to support initiatives that improve quality of life for citizens
- Consider options for smart technology, including Geographic Information System to promote well being programmes.

'Scáil-Capaill ón bPortach' le Lynn Markham Coimisiúnaithe ag Comhairle Contae Chill Dara do Thimpeallán na hÚrnaí. Grianghraf le Brian Cregan

*'Ghost Horses from the Bog' by Lynn Kirkham, Commissioned by Kildare County Council for Nurney Roundabout Photo Credit: Brian Cregan*

# 6 Feidhmú
## Implementation

FEIDHMIÚ SA BHLIAIN 2018 agus dá éis:

- Leanúint de chúnamh deontais bliantiúl, de ghradaim sparánachta, de choimisiúin, de chónaítheachtaí agus de dheiseanna eile a sholáthar don earnáil chruthaitheachta agus chultúir i gCill Dara, lena n-áirítear seisiúin eolais i dtaobh 'Conas iarratas a dhéanamh ar dheontais'.
- Imeachtaí / seimineáir / taispeántais rialta a chomhordú agus a éascú, chun ligean don earnáil chultúir agus chruthaitheachta teacht le chéile, líonrú agus forbairt a dhéanamh, agus comhpháirtíochtaí a chruthú.
- Leanúint de thacaíocht a thabhairt do dhaoine aonair agus do thionscail chruthaitheacha áitiúla chun líonraí gnó, scileanna agus inniúlachtaí a fhorbairt, le tacaíocht ó eagraíochtaí comhpháirtíochta, lena n-áirítear An Oifig Fiontair Áitiúil agus Comhlachas Tráchtála Chontae Chill Dara.
- Tuilleadh forbartha a dhéanamh ar inneachair Chomhairle Contae Chill Dara don earnáil Chultúir agus Chruthaitheachta, mar chuid de bhranda #CreativeKildare.
- Leanúint den idirchaidreamh le Bord Turasóireachta Chontae Chill Dara (IntoKildare) chun acmhainneacht turasóireachta Chill Dara a chur chun cinn, agus béim á leagan ar na tairiscintí cultúir agus cruthaitheachta atá ag Cill Dara, lena n-áirítear rian an 'Oirthear Ársa', chomh maith le húsáid a bhaint as a mbealaí cumarsáide chun cultúr agus cruthaitheacht a chur chun cinn.
- Leanúint de thacaíocht a thabhairt do chláir a dhéanann ceiliúradh agus ceistiú ar éagsúlacht na bpobal a chónaíonn i gContae Chill Dara.
- Iniúchadh agus mapáil a dhéanamh i ndáil leis an earnáil chultúir agus chruthaitheachta i gContae Chill Dara.

IMPLEMENTATION IN 2018 and beyond:

- Continue to provide annual grant aid, bursary awards commissions, residencies and other opportunities for the creative and culture sector in Kildare, including information sessions on 'how to apply for grants'.
- Co-ordinate and facilitate regular events / seminars / showcases that allow for the culture and creative sector to meet, network, develop and create partnerships.
- Continue to support individuals and creative industries to develop business networks, skills and acumen with support from partner organisations including Local Enterprise Office and County Kildare Chamber of Commerce.
- Further develop Kildare County Council's content for the Culture and Creative sector, within a #CreativeKildare brand.
- Continue to liaise with County Kildare Tourism Board (IntoKildare) to promote Kildare's tourism potential, highlighting the cultural and creative offerings, including the 'Ancient East' trail as well as utilising their communications channels for promotion of culture and creativity.
- Continue to support programmes that celebrate and interrogate the diversity of communities living in County Kildare.
- Carry out an audit and mapping exercise on the cultural and creativity sector in Kildare.



- Leanúint de thacaíocht a thabhairt don chlár féilte agus imeachtaí ar fud na bliana i gContae Chill Dara.
- Leanúint de thacaíocht a thabhairt do chlár ilchineálach cultúir agus cruthaitheachta do pháistí agus daoine óga i suímh neamhfhoirmiúla.
- I gcomhar lenár gcomhpháirtithe acadúla in Ollscoil Mhá Nuad, i mBord Oideachais agus Oiliúna Chill Dara & Chill Mhantáin, in Ionad Oideachais Chill Dara agus i scoileanna, tacaíocht a thabhairt, agus forbairt a dhéanamh, i ndáil leis an soláthar atá ann do pháistí agus daoine óga i dtaca le cúrsaí cultúir agus cruthaitheachta i suímh oideachais fhoirmiúla.
- Leanúint de bheith ag obair le comhpháirtithe oideachais i ndáil le Comhpháirtíocht Oideachais Ceoil Chill Dara a bhunú.
- Leanúint de thacaíocht a thabhairt do chláir a chuireann folláine dhearfach do gach saoránach chun cinn, agus tuilleadh tacaíochta a thabhairt do thionscnaimh shaincheaptha folláine i gcomhar lenár gcomhpháirtithe i réimse na seirbhísí sláinte.
- Leanúint de bheith ag obair leis an tSeirbhís Leabharlainne ar fud an chontae chun raon clár ilchineálach a thacaíonn le cruthaitheacht a sholáthar.
- Tacú leis an gclár oibre atá ceaptha ag Coiste Dheich mBliana na gCuimhneachán (2013–2023).
- Leanúint de Sheachtain na hOidhreachta agus de Sheachtain na Bithéagsúlachta a fhorbairt mar ardáin chun léiriú a thabhairt ar an raon forleathan gníomhaíochtaí rannpháirtíochta, ar thaobh an phobail agus ar thaobh an stáit, a mhéid a bhaineann le taighde, caomhnú agus cur chun cinn i réimse na hoidhreachta nádúrtha agus na hoidhreachta foirgnithe i gContae Chill Dara.

- Continue to support the year-round programme of festivals and events in County Kildare.
- Continue to support a diverse programme in culture and creativity for children and young people in non-formal settings.
- With our academic partners in Maynooth University, Kildare Wicklow Education and Training Board, Kildare Education Centre and schools, support and develop existing provision for children and young people in culture and creativity in formal education settings.
- Continue to work with education partners on the establishment of a Kildare Music Education Partnership.
- Continue to support programmes that promote positive wellbeing for all citizens and further support bespoke wellbeing initiatives with our health services partners.
- Continue to work with the Library Services countywide to provide a diverse range of programmes that support creativity.
- Support the programme of work devised by Decade of Commemorations (2013–2023) Committee.
- Continue to develop Heritage Week and Biodiversity Week as platforms to showcase the vast range of community and state involvement in research, conservation and promotion of natural and built heritage in County Kildare.

- Leanúint d'Oíche an Chultúir a fhorbairt mar ardán chun léiriú a thabhairt ar leithead na n-áiseanna agus na gníomhaíochta ealaíne agus cultúir i gContae Chill Dara.
- An Lá Súgartha a scrúdú tuilleadh mar ardán chun súgradh, cultúr agus cruthaitheacht sa chontae a chur ar taispeáint.
- Seachtain na Gaeilge a leathnú tuilleadh chun spreagadh a thabhairt don líon méadaitheach daoine a úsáideann an Gaeilge, pé acu focal amháin nó comhrá atá i gceist.
- Deiseanna idirnáisiúnta don earnáil chultúir agus chruthaitheachta a fhiosrú tuilleadh, trí Nascadh Bailte, trí chónaítheachtaí agus trí mhalartú.
- Scrúdú a dhéanamh i dtaobh uirlisí tomhais a cheapadh chun measúnú a dhéanamh ar thionchar na hinfheistíochta poiblí i gcultúr agus i gcruthaitheacht ag leibhéal áitiúil, agus sin a dhéanamh i gcomhar leis an gComhairle Ealaíon, leis an gComhairle Oidhreachta agus le comhpháirtithe eile.
- Tacú leis an gComhairle Oidhreachta maidir le Bliain Eorpach na hOidhreachta Cultúrtha 2018 a chur chun cinn le linn tionscadail áitiúla a fhorbairt.
- Clár a cheapadh le haghaidh Cruinniú, an Lá Cruthaitheachta Náisiúnta do Pháistí agus do Dhaoine Óga
- Tacú le deiseanna do na hearnálacha oidhreachta agus cruthaitheachta chun scrúdú a dhéanamh ar bhealaí nuálacha chun oidhreacht nádúrtha agus oidhreacht fhoirgnithe Chill Dara a léirmhíniú agus a chur chun cinn.

- Continue to develop Culture Night as a platform to showcase the breadth of arts and cultural facilities and activity in County Kildare.
- Further explore Play Day as a showcase for play, culture and creativity in the county.
- Further expand Seachtain na Gaeilge to promote and encourage the ever-growing numbers using the Irish language whether it be one word or a conversation.
- Further examine international opportunities for the cultural and creativity sector, through Town Twinning, residencies and exchange.
- Investigate the devising of effective measurement tools to evaluate the impact of public investment in culture and creativity at a local level, in association with the Arts Council, the Heritage Council and other partners.
- Support the Heritage Council in the promotion of European Year of Cultural Heritage 2018 in the development of local projects.
- Devise a programme for Cruinniú, the National Creativity Day for Children and Young People.
- Support opportunities for the heritage and creative sectors to explore innovative ways of interpreting and promoting Kildare's natural and built heritage.



'Teach na mBád' ag Cartún
Grianghraf le caoinchead ó Pawal Zygmunt, buaiteoir sa Chomórtas Fótagrafaíochta Dhigiteacha Ar-Líne 'Gra do Chill Dara'

*'Boat House' at Carton*
*Photo courtesy of Pawal Zygmunt, winner of 'Love Kildare' Online Digital Photography Competition*

creative.ireland.ie

Clár Éire Ildánach
*Creative Ireland Programme*
2017–2022